

# Teicneolaíocht an Adhmaid

Nuachtlitir an tSamhraidh 2021




An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun **spregadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt** do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.



Póstaer de Mo Thuras Foghlama i dTeicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí

San acmhainn seo, a forbraíodh le déanaí, leagtar amach go grafach turas foghlama trí bliana an scoláire trí Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí. Is féidir an póstaer seo a phriontáil ar mhéideanna difriúla agus is féidir teacht air ar ár láithreán gréasáin trí chliceáil ar an íomhá thíos.



## Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an tSamhraidh dár nuachtlitir Jct4 Theicneolaíocht Adhmaid. Chuir foireann Jct4 Wood Technology CPD sa spás ar líne ó Eanáir go Márta le 1003 múinteoir ag freastal ar ár cnuascheardlanna FGL ar Líne. Dhírigh FGL na bliana seo ar dhearadh tascanna agus ar chultúr machnamhach a chur chun cinn. Leagadh béim mhór ar chleachtas an tseomra ranga chun cabhrú le scoláirí agus iad a ullmhú le dul i ngleic le gnéithe de shonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid trí eispéiris chomhtháite foghlama. Chun teacht ar ábhair thacaíochta FGL na bliana seo cliceáil [anseo](#).

## Seimineár Gréasáin


### Snáithe 2 a Fhiosrú: Smaointeoireacht Dearaidh

Craoladh an tríú seimineár gréasáin againn don bhliain acadúil seo ar 15 Aibreán ag 5i.n. Le linn an tseimeáir ghréasáin rinne muid iniúchadh ar chuir chuige maidir le scileanna smaointeoireacht dearaidh a fhorbairt lenár gcuid scoláirí agus iad ag plé le hobair chúrsa. Éascaíodh é seo trí phlé ar shamplaí de shaothar scoláirí agus bhí cuir chuige agus straitéisí éagsúla ann a d'fhorbair scileanna a bhaineann le snáithe na Smaointeoireachta Dearaidh. Bhí Brendan Collieran (Coláiste Chaladh an Treoigh, Luimneach) i gcuideachta fhoireann Theicneolaíocht Adhmaid Jct4 ar an oíche chun breac-chuntas a thabhairt ar chuid dá straitéisí agus dá chuir chuige sa seomra ranga agus é ag treorú a chuid scoláirí trí obair chúrsa.

Rinne an seimineár gréasáin iniúchadh ar an méid seo a leanas:

- Cleachtas machnamhach a leabú agus iad ag tabhairt faoi obair chúrsa
- Straitéisí chun cabhrú le scoláirí dul i ngleic le fadhbanna/treoir dhearaidh
- Idéú/giniúint smaointe dearaidh

Cabhróidh an seimineár gréasáin seo le múinteoirí de réir mar a thugann siad a gcuid scoláirí a fhad le céim an chruthaithe, ag díriú ar fhorbairt an eolais agus na scileanna riachtanacha a chuirfidh ar a gcumas fadhbanna comhthéacsúla a réiteach go héifeachtach. Is féidir teacht ar thaifeadadh den seimineár gréasáin agus de na hacmhainní a théann leis an seimineár gréasáin trí chliceáil anseo



## Nuashonruithe tábhachtacha ó CNCM

Le déanaí, rinneadh nuashonrú tábhachtach do mhúinteoirí maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe na scoláirí atá faoi láthair sa 2ú bliain in 2020/2021 a chur i gcrích. Tugtar nuashonruithe tábhachtacha sa doiciméad seo maidir le MRB 1 agus leagtar amach ann freisin dátaí sealadacha do MRB 2 sa chéad bhliain acadúil eile. Is féidir teacht ar an doiciméad, arna fhoilsiú ag an CNCM, trí chliceáil [anseo](#)

## Fan suas chun dáta leis an bhfoireann Teicneolaíocht Adhmaid

Tabhair cuairt ar an rannán Teicneolaíocht Adhmaid de [www.jct.ie](http://www.jct.ie) áit a bhfaighidh tú ár n-acmhainní agus an t-ábhar go léir a úsáideadh le linn laethanta FGL [2018/2019](#), [2019/2020](#), [2020/2021](#) agus an t-ábhar a bhain leis an [seimíneár gréasáin](#). Tá acmhainní breise á bhforbairt agus déanfar iad a uaslódáil anseo in am trátha. Cláraigh ar ár liosta seoltaí anseo chun fanacht ar an eolas faoi gach ceann de na hábhair Jct4.

Lean muid ar twitter:

[@Jct4ed](https://twitter.com/Jct4ed) 

## Seachtain Náisiúnta na gCrann

Reáchtáladh Seachtain Náisiúnta na gCrann ó 21 Márta go 27 Márta i mbliana. Chun Seachtain Náisiúnta na gCrann a cheiliúradh d'fhorbair agus roinn Jct4 roinnt gníomhaíochtaí ar an bhfotha Twitter s'againn chun aird a dhíriú ar thábhacht na gcrann inár saol agus iad a cheiliúradh. Is féidir teacht ar shampla de na gníomhaíochtaí seo trí chliceáil ar na híomhánna thíos.



## Teicneolaíocht Adhmaid sa nuacht!

Bímid i gcónaí ag faire amach le haghaidh ailt nuachta, físeáin agus láithreáin ghréasáin a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise ag scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an Teicneolaíocht Adhmaid. D'fhéadfadh na naisc thíos scoláirí a spreagadh i gceann roinnt gníomhaíochtaí suimiúla maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

**1.8 eolas agus scileanna i réimse prionsabal, próiseas agus teicnící cuí atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn **a chur i bhfeidhm****

**1.9 prionsabail na sármhaitheasa ceardaíochta **a léiriú** trí thascanna agus déantáin a dhearadh agus a bhaint amach**

**3.8 úsáid a bhaint as aeistéitic agus airíonna nádúrtha adhmaid chun cuma agus feidhm déantáin a fheabhsú**

**3.11 iniúchadh a dhéanamh ar turas adhmaid, ón bhforaois go dtí an úsáid deiridh**

<https://www.youtube.com/watch?v=6f4CKFLIhpE>

<https://www.youtube.com/watch?v=oSxxv4YwGZw>

<https://www.youtube.com/watch?v=u6sW8wiGwvk>

Ba mhaith leis an bhfoireann Teicneolaíocht Adhmaid gach rath a ghuí oraibh do bhriseadh an tsamhraidh agus muid ag tnúth le bheith ag obair libh arís sa bhliain acadúil nua.

Le dea-mhéin

Foireann Theicneolaíocht Adhmaid Jct4

